Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**5637/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0020(NLE)**

**MI 15**
**ECO 3**
**ENT 7**
**UNECE 2**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5801/20 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoistí ábhartha Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin na Náisiún Aontaithe Uimh. 10, 26, 28, 46, 48, 51, 55, 58, 59, 62, 79, 90, 106, 107, 110, 117, 121, 122, 128, 144, 148, 149, 150, 151 agus 152, a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda (RTD) Uimh. 3, 6, agus 16, a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh leasuithe ar Rialachán Comhdhlúite R.E.5, agus a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh údaruithe chun leasú a fhorbairt ar RTD Uimh. 6 agus RTD nua a fhorbairt maidir le Cumhacht Feithiclí Leictrithe a Chinneadh (DEVP)<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuas chuig an gComhairle an 5 Feabhra 2020.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an togra ón gCoimisiún ar an 23 Eanáir 2020 ar bhonn réamhchóipeanna. Pléadh roinnt leasuithe teicniúla. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 5 Feabhra 2020. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le téacs deiridh an togra.

3. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 5804/20 é agus tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.